**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig-Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.97 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid:

***Dímheas***

Tá dímheas á dhéanamh ar roinnt sócmhainní trealaimh oifige ag 10%.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas i gcás ceithre conradh ar luach €194,277 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Tá dhá de na conarthaí áiteanna le soláthraithe aonair agus tá sé I gceist tairiscintí don dá eile ag du lar aghaidh a chur.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Mé a bheith comhlíonta mo chuidfreagrachtaí maidir le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistíocht na Seirbhíse idir an Oigig seo agus an Oifig Náisiúnta um tSeirbhís Roinnte chun na Seirbhíse Comhroinnte AD.

Ag brath mé ar litir dearbhú ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i soláthar Seirbhísí Comhroinnte AD chuig an Oifig seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach na gCúntas
An Phríomh-Oifig-Staidrimh

30 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Lúnasa 2015

# Vóta 4 An Phríomh – Oifig Staidrimh
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil | 41,520 | 39,472 | 40,329 |
| | **An mór iomlán** | **41,520** | **39,472** | **40,329** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,943** | **1,866** | **3,308** |
| | **An glan iomlán** | **39,577** | **37,606** | **37,021** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr don bhlian | 1,971,466 | 2,737,115 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 31,276 | 30,684 | 31,521 |
| ii | Taisteal agus cothú | 889 | 932 | 986 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,626 | 1,118 | 1,023 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,020 | 616 | 754 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 3,908 | 3,977 | 3,447 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,110 | 822 | 758 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 111 | 54 | 24 |
| viii | Bailiú staitisticí | 1,580 | 1,269 | 1,816 |
| | | 41,520 | 39,472 | 40,329 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 30,684 | 31,521 |
| Neamhphá | | 8,788 | 8,808 |
| **Olliomlán** | | **39,472** | **40,329** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,866** | **3,308** |
| **Glan iomlán** | | **37,606** | **37,021** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (742) | | |
| Dímheas | 3,714 | | |
| Cailliúint ar diúscairtí | 2 | | |
| | | 2,974 | 3,236 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (1,281) | (1,441) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (99) | | |
| Laghdú ar stoc | (1) | | |
| | | (100) | 14 |
| **Caiteachas díreach** | | **39,199** | **38,830** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,162 | 5,746 |
| Measchíosanna | | 1,395 | 1,345 |
| **Costas glan clár** | | **46,756** | **45,921** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid seo a leanas i ndáil le Vóta 4 atá seasta in áit éigin eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,746 | 1,802 |
| Vóta 12 Pinsin agus Liúntais as Oibre | 3,576 | 3,025 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 840 | 919 |
| | **6,162** | **5,746** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 10,608 | 12,688 |
| **Sócmhainní atá á bhforbairt** | 2.3 | 1,436 | 1,026 |
| | | **12,044** | **13,714** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 82 | 81 |
| Réamhíocaíochtaí | | 970 | 904 |
| Ioncam fabhraithe | | 348 | 311 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 709 | 264 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 898 | 760 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,007** | **2,320** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 655 | 130 |
| Costais fhabhraithe | | 196 | 169 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 952 | 894 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,803** | **1,193** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,204** | **1,127** |
| **Glansócmhainní** | | **13,248** | **14,841** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **13,248** | **14,841** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 14,841 | 16,523 |
| Coigeartú | | | — | 127 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 39,577 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,971) | | |
| Vóta glan | | | 37,606 | 37,021 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 6,162 | 5,746 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,395 | 1,345 |
| Costas glan clár | 1 | | (46,756) | (45,921) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **13,248** | **14,841** |

**2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige innealra eile | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2014 | 34 | 59,414 | 3,445 | 62,893 |
| Breiseanna | — | 1,636 | — | 1,636 |
| Diúscairtí | — | (2,239) | (3) | (2,242) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 34 | 58,811 | 3,442 | 62,287 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2014 | 34 | 47,013 | 3,158 | 50,205 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,606 | 108 | 3,714 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (2,238) | (2) | (2,240) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 34 | 48,381 | 3,264 | 51,679 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **—** | **10,430** | **178** | **10,608** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **—** | **12,401** | **287** | **12,688** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| | Úsáideanna ríomhaireachta |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2014** |
| | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 1,026 |
| Íocaíochtaí in airgead titim don bhlian | 1,281 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (871) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig | 1,436 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | (688) | (145) |
| Banc tráchtála | 32 | 14 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | (655) | (130) |

**2.5 Stoic**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 60 | 52 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 16 | 23 |
| Foilseacháin | 6 | 6 |
| | 82 | 81 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Costas tuarastail inchúitithe | 629 | — |
| Costais taistil a fháil ar ais | 15 | 29 |
| Scéim pas taistil a fháil ar ais | 25 | 23 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 40 | 212 |
| | 709 | 264 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 322 | 314 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 208 | 202 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 27 | 1 |
| Cáin Bhreisluacha | 20 | 16 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 68 | 66 |
| An Muirear Uilíoch Sóisialta | 120 | 120 |
| | 765 | 719 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 175 | 172 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 12 | 3 |
| | 952 | 894 |

| **2.8 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,971 | 2,737 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,869) | (3,497) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (898) | (760) |
| | | |
| **Arna léiriú le** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair:ar fionraí | 709 | 264 |
| | 709 | 264 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (655) | (130) |
| Dlite don Stát | (765) | (719) |
| Iarmhéideanna creidmheasa:ar fionraí | (187) | (175) |
| | (1,607) | (1,024) |
| | | |
| | (898) | (760) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Fotheidil soláthair | 12,215 | 5,120 |
| | 12,215 | 5,120 |

Ta an méadú ar na gealltanais ar 31 Nollaig 2014 mar gheall ar an gconradh do bhunú an timpeallacht próiseála do Dhaonáireamh 2016 Daonra.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 31,276 | 30,684 | 31,521 |
| A.2 | Riarchán - Caiteachas eile | 10,244 | 8,788 | 8,808 |
| | | 41,520 | 39,472 | 40,329 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár €2.05 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 508 | Tharla an coigilteas de bharr dianrialú leanúnach an chaiteachais uile i rith na bliana. Freastalaíodh ar go leor de riachtanais oiliúna agus forbartha na hOifige ó acmhainní in-tí. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 404 | Leantar le coigiltis a ghnóthú ar chostais teileachumarsáide. Íoslaghdaíodh na costais uile i ndáil le postas le linn 2014 agus eisíodh líon níos lú litreacha meabhrúcháin. |
| Costais áitreabh oifige | 288 | Tharla an coigilteas de bharr costais áitreabh oifige níos ísle ná mar a ceapadh i dtrí háitreabh an CSO le linn 2014. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Faltais ón Aontas Eorpach | 130 | 118 | 535 |
| 2. | Ilchinéal de rudaí eile | 122 | 138 | 1,016 |
| 3. | Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,691 | 1,610 | 1,757 |
| | **Iomlán** | **1,943** | **1,866** | **3,308** |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 616 | 621 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 28,632 | 29,465 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 55 | 48 |
| Liúntais eile | 67 | 63 |
| Liúntais le haghaidh ragobair | 69 | 81 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,861 | 1,864 |
| **Pá Iomlán** | **30,684** | **31,521** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 37 | — | 2,474 | 4,259 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise | 15 | 2 | 14,256 | 13,106 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus as a bheith ar uainchlár | 9 | — | 8,318 | 8,318 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

| **5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla** | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí tuarastail a eascraíonn de bharr moil i ag fáil treoracha tuarastail | 53 | 9 |

Táthar ag súil go léir ró-íocaíochtaí a fháil ar ais ó na daoine aonair lena íocash iad.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do sheandícheall staidrimh

Íocadh suim de €10,000 ó fo-mhírcheann A2 (Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha) ar Choláiste na hOllscoille Corcaigh trí mhaoiniú do Scoláireacht Donal McCarthy 2014-2015. Beidh dhá fhaighteoirí an scoláireacht tabhairt faoi/thionscadal statistic ofigiúla CSO. Bhronn an Oifig duaisairgead €3,200 i 2014 mar chuid de an cearhú Bhonn John Hooper maidir le Staitisticí. Bhí an comórtas seo oscailte do dhaltaí dara leibhéal an timthrialla shinsearaigh.

### 6.2 Maoiniú AE

Le linn 2014 fuarthas san iomlán €118,000 i leithreas-i-gcabhair ón Aontas Eorpach maidir le ceithre chonradh do sholáthar faisnéise staitisticiúla faoin tionscal agus faoi sheirbhísí do EUROSTAT. Gearradh mórchuid na suime de €118,000 d'fho-cheannteideal A1. Forchúitítear an t-airgead ón AE ar bhonn céatadáin an chostais chomhaontaithe i dtaca leis na conarthaí seo.

### 6.3 Comhoibriú Taighde

Íocadh suim de €30,000 ó fo-mhírcheann A2 (Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha) ar mhodh aon-uaire ranníocaíocht le costais ina bhuil CSO agus an t-Ionad na hÉireann don Ard Ríomhaireacht (ICHEC) comhoibriúagus cur i gcomhar taighde idirrnáisiúnta faoi stiúir Coimisiún na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE).

### 6.4 Costais dlí

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Déantar na costais dlíthiúla a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas: | | |
| Táilí dlí | 6 | 2 |
| Costais cúiteamh | — | 1 |
| | 6 | 3 |

Cuimsíonn na táillí dlíthiúla táillí leighis, innealtóireachta agus imscrúdaitheora.

### 6.5 Dliteanas Teagmhasach

Shocraigh an Chúirt Uachtarach i Mí Dheireadh Fómhair 2014 go raibh an tOrdú um Chomhardú na nÍocaíochtaí (CÍ) 2005 ultra vires chumhacht an Aire Stáit i Roinn an Taoisigh. Cuireadh an tOrdú ar neamhní.

Ós rud é gur eascair costais mar gheall ar an imeacht seo, bronnadh costais san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach araon in aghaidh OPS. D'éirigh le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ina dhiaidh sin agus í ag áitiú ar son fritháireamh chuid de chostais na hArdchúirte. Tá méid iarbhír na gcostas seo neamhchinnte, ós rud é go bhfuiltear ag fanacht ar bhillí do chostais.